Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**5749/26**
**ADD 1**

**FIN 137**
**PE-L 3**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024<br>• *Glacadh*<br>• *Formheas litreach* |

**IARSCRÍBHINN**

**DRÉACHTMHOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún**
**i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta**
**an Aontais Eorpaigh**
**don bhliain airgeadais 2024**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 319 de,

Tar éis di an scrúdú dá bhforáiltear in Airteagal 319(1) CFAE a dhéanamh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir an chuntais ioncaim agus chaiteachais don bhliain airgeadais 2024:

- ba é an t-ioncam ........................................................................ EUR 250 609 479 558.38

- ba é an caiteachas arna eisíoc as leithreasuithe .......................... EUR 244 308 637 135.90

- ba iad leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn ó bhliain *n-1* agus a cuireadh ar ceal ................................................ EUR 334 138 602.61

- ba iad leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn go bliain *n+1* (lena n-áirítear ioncam arna chur in áirithe) .................................. EUR 5 322 177 386.95

- ba iad leithreasuithe CSTE faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn ó bhliain *n-1* ........................................................................... EUR 11 904 907.63

- ba é comhardú na ndifríochtaí sa ráta malairte .................................. EUR 43 634 408.04

- ba é an t-iarmhéid buiséid dearfach ............................................... EUR 1 344 533 138.55

(2) Úsáideadh EUR 2 122 194 947.23 (86.7 %) den EUR 2 446 873 482.99 i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn go dtí an bhliain 2024;

(3) Iarrtar barúlacha áirithe ón gComhairle, atá I gCEANGAL LEIS SEO, sna barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí don bhliain airgeadais 2024;

(4) Measann an Chomhairle go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfar obair leantach maidir lena barúlacha agus glacann sí leis go gcuirfidh an Coimisiún na moltaí uile chun feidhme ina n-iomláine, gan mhoill;

(5) D'fhormheas an Chomhairle conclúidí a bhaineann le tuarascálacha speisialta arna ndréachtú ag an gCúirt in 2024 agus 2025 i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh[1];

(6) Tar éis an scrúdaithe dá dtagraítear thuas, beidh cur chun feidhme an bhuiséid le haghaidh an bhliain airgeadais 2024 ina iomláine, arna dhéanamh ag an gCoimisiún, ar bhonn na mbarúlacha ón gCúirt Iniúchóirí, déanta ar dhóigh inar féidir urscaoileadh a thabhairt i ndáil leis an gcur chun feidhme sin,

Á MHOLADH LEIS SEO, i bhfianaise na mbreithniúchán sin, go dtabharfaidh Parlaimint na hEorpa urscaoileadh don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[1] 7537/25, 8762/25, 9395/25, 10222/25, 10226/25, 10238/25, 10617/25, 15763/25, 15792/25 agus 16693/25.

## RÉAMHRÁ

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an tuarascáil bhliantúil agus an Ráiteas Dearbhaithe ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais chomh maith le torthaí na hiniúchóireachta agus na conclúidí atá inti. Measann an Chomhairle go bhfuil tábhacht mhór ag baint leis an obair neamhspleách iniúchóireachta atá déanta ag an gCúirt i gcomhréir le forálacha Airteagal 287 CFAE, go sonrach leis an bpríomhchúram a bhaineann le ráiteas dearbhaithe a chur ar fáil maidir le hiontaofacht na gcuntas, agus le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim agus an chaiteachais a scrúdú.

2. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an tuairim ghlan ón gCúirt maidir le hiontaofacht chuntais 2024, a leanann de léargas cruinn cothrom a thabhairt ar staid airgeadais an Aontais, chomh maith leis an tuairim ghlan maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim. Is oth leis an gComhairle, áfach, an tuairim neamhfhabhrach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais, agus is cúis imní di an tuairim choinníollach maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

3. Cé gur díol sásaimh don Chomhairle an laghdú dhá phointe céatadáin ar an ráta foriomlán earráide i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, ó 5.6 % in 2023 go 3.6 % in 2024, is oth léi go bhfuil an figiúr fós os cionn na tairsí ábharthachta.

4. Is mór ag an gComhairle gur thíolaic an Chúirt den chéad uair ráta earráide don réimse beartais 'An Chomharsanacht agus an Domhan', lena dtugtar aghaidh ar na hiarrataí a rinneadh arís agus arís eile, a bhfuil údar leo mar gheall ar thábhacht pholaitiúil cheannteideal an chaiteachais agus ar an ngá atá le hinchomparáideacht a áirithiú idir na blianta i ngach réimse beartais. Dá bhrí sin, leanann an Chomhairle de bheith ag iarraidh ar an gCúirt ráta earráide a sholáthar do gach réimse beartais.

5. Iarrann an Chomhairle ar an gCúirt agus ar an gCoimisiún araon leanúint den mheasúnú ar fheidhmíocht bhuiséad an Aontais agus iarrann sí ar an gCoimisiún, i gcás inarb infheidhme, cur leis an mbéim ar tháscairí feidhmíochta bunaithe ar thorthaí ar féidir iad a nascadh go díreach le gníomhaíochtaí an Aontais, d'fhonn simpliú a dhéanamh agus an t-ualach riaracháin a laghdú.

6. Ar deireadh, tacaíonn an Chomhairle le torthaí agus moltaí na Cúirte, agus iarrann sí ar an gCoimisiún iad, chomh maith leis na moltaí ón gComhairle, a chur san áireamh.

## CAIBIDIL 1

## AN RÁITEAS DEARBHAITHE AGUS FAISNÉIS TACAÍOCHTA

1.1. Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ghlan ón gCúirt maidir le hiontaofacht chuntais bhliantúla an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'na cuntais' anseo feasta) don bhliain airgeadais 2024 agus is díol sásaimh di an ráiteas ón gCúirt go gcuirtear i láthair go cothrom, ar gach bealach ábharach, seasamh airgeadais an Aontais, ón 31 Nollaig 2024, agus torthaí a oibríochtaí, a shreabhadh airgid agus na hathruithe ar a ghlansócmhainní don bhliain dar críoch, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais agus leis na rialacha cuntasaíochta atá bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo go hidirnáisiúnta don earnáil phoiblí.

1.2. Anuas air sin, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil an t-ioncam is bun le cuntais 2024 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharthach, mar a tharla sna blianta roimhe seo. Ar an taobh eile, is oth leis an gComhairle, maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais, go bhfuil tuairim na Cúirte fós diúltach.

1.3. Is díol sásaimh don Chomhairle an laghdú ar an ráta foriomlán earráide ó 5.6 % in 2023 go 3.6 %, cé gur tháinig méadú ar sciar an chaiteachais ardriosca. Mar sin féin, is oth leis an gComhairle go bhfuil an ráta fós os cionn na tairsí ábharthachta.

1.4. Tugann an Chomhairle dá haire an riosca tráth na híocaíochta agus an riosca tráth an dúnta a mheas an Coimisiún do cheannteidil uile CAI, seachas an réimse beartais ‘Acmhainní nádúrtha agus comhshaol’. I gcás gach réimse beartais a ndearnadh meastachán ar rioscaí ina leith, tá na rátaí fós faoi bhun na tairsí ábharthachta, cé is moite de ‘Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna’. Tugann an Chomhairle dá haire go measann an Coimisiún go bhféadfadh sé gurb é an riosca tráth an dúnta an táscaire is fearr a léiríonn na gníomhaíochtaí uile a rinne na Ballstáit agus seirbhísí an Choimisiúin araon, lena dtomhaistear an leibhéal earráide atá fágtha a luaithe a bheidh na rialuithe agus na ceartúcháin bhreise uile déanta, i gcomhréir le straitéis ilbhliantúil an Choimisiúin. Ós rud é go gcumhdaítear roinnt blianta leis na cláir chaiteachais agus leis na córais rialúcháin ghaolmhara, chomh maith leis na timthriallta bainistíochta, d’fhéadfadh sé go dtabharfaí an leibhéal earráide faoi bhun ábharthachta mar thoradh ar na ceartuithe agus na haisghabhálacha airgeadais arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún. I ndáil leis an méid sin, tugann an Chomhairle dá haire an bharúil ón gCúirt go bhfuil teorainneacha le seiceálacha *ex-post* an Choimisiúin agus go ndéantar gannmheastachán ar an riosca tráth na híocaíochta agus tráth an dúnta a thuairiscigh an Coimisiún. Is díol sásaimh don Chomhairle, áfach, go ndearnadh an difríocht sna rátaí earráide idir an Chúirt agus an Coimisiún a líonadh go pointe áirithe le haghaidh 2024.

1.5. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhar agus an obair a rinne an Chúirt agus an Coimisiún go dtí seo chun roinnt gnéithe dá modheolaíochtaí faoi seach agus den eangach chomhchuibhithe a ailíniú chun earráidí nós imeachta i soláthairtí poiblí a chainníochtú, atá le cur i bhfeidhm ó 2025 ar aghaidh. Mar sin féin, gan dochar don fhíoras go bhfuil sainorduithe éagsúla ag an gCúirt agus ag an gCoimisiún agus, dá bhrí sin, go bhfuil cineálacha éagsúla cur chuige acu maidir le hearráidí a mheas, is cúis imní don Chomhairle i gcónaí méid na ndifríochtaí idir an dá institiúid maidir leis na caighdeáin, an reachtaíocht, na fíricí agus na rialacha céanna a léirmhíniú. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar na hinstitiúidí leanúint den idirphlé.

1.6. Agus an obair á hadmháil atá déanta ag na comhlachtaí iniúchóireachta maidir le hearráidí agus míbhainistiú a bhrath i ndáil le cistí an Aontais, chomh maith leis na hiarrachtaí agus na gníomhaíochtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCoimisiún agus ag na ballstáit chun moltaí na Cúirte a chur chun feidhme, aithníonn an Chomhairle na heasnaimh a shainaithin an Chúirt i gcuid oibre údaráis iniúchóireachta áirithe. Bunaithe ar thorthaí na Cúirte, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint de dhul i dteagmháil leis na húdaráis náisiúnta iniúchóireachta d'fhonn a gcuid oibre a threisiú, dea-chleachtais a mhalartú agus aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh.

1.7. Meabhraítear don Chomhairle nach tomhas ar chalaois, neamhéifeachtacht ná cur amú cistí *per se* é leibhéal measta earráide na Cúirte, ach tomhas ar íocaíochtaí nach ndearnadh i gcomhréir leis na rialacha agus na rialacháin is infheidhme. Tugann an Chomhairle dá haire gur thuairiscigh an Chúirt 19 gcás de chalaois amhrasta do OLAF in 2024.

1.8. Leagann an Chomhairle béim gur cheart, chun na rátaí earráide a laghdú agus chun bainistiú éifeachtach cuí a dhéanamh ar chistí an Aontais, tús áite a thabhairt i gcónaí do reachtaíocht lena n-áirítear bearta cur chun feidhme ábhartha atá níos simplí, níos trédhearcaí agus níos intuartha. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar údaráis na gclár, i gcás inarb ábhartha, rialacha agus nósanna imeachta atá níos casta ná mar is gá a shainaithint, a mheasúnú agus a shimpliú, le haghaidh údaráis náisiúnta agus tairbhithe araon, agus na caighdeáin agus na ceanglais bhunriachtanacha is gá don chuntasacht, don bhainistíocht fhónta airgeadais agus do dhlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais á gcaomhnú ag an am céanna. Tugann an Chomhairle dá haire go raibh 68.9 % den phobal iniúchóireachta comhdhéanta den chuid is mó d'idirbhearta aisíocaíochta costas, arna measúnú ag an gCúirt mar chaiteachas ardriosca, arb ionann é agus méadú ó 64.4 % in 2023. Rinne earráid difear ábhartha don chineál caiteachais sin mar gheall ar chastacht na rialacha, as ar eascair ráta earráide measta 5.2 %, síos ó 7.9 % in 2023. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, i gcás inarb infheidhme, díriú níos mó ar tháscairí feidhmíochta bunaithe ar thorthaí ar féidir iad a nascadh go díreach le gníomhaíochtaí an Aontais, d'fhonn an t-ualach riaracháin a shimpliú agus a laghdú.

## CAIBIDIL 2
## BAINISTIÚ BUISÉADACH AGUS AIRGEADAIS

2.1. Tugann an Chomhairle dá haire gur cuireadh beagnach an buiséad ar fad chun feidhme a bhain leis na gealltanais agus na híocaíochtaí a bhí ar fáil in 2024, go raibh ionsú chistí bainistíochta comhroinnte CAI 2014-2020 beagnach tugtha chun críche, agus go raibh dlús curtha le hionsú breisithe NGEU.

2.2. Tugann an Chomhairle dá haire go raibh laghdú ar ghealltanais le híoc, faoi bhun na meastachán, agus mura gcuirfear dlús leis an gcur chun feidhme, go háirithe i gcás cistí comhtháthaithe, go dtiocfaidh méadú ar mhéideanna na ngealltanas saortha.

2.3. Maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, tugann an Chomhairle dá haire na rioscaí a bhaineann le hionsú agus cur i gcrích tráthúil na mbeart, go háirithe mar gheall ar infheistíochtaí atá ar feitheamh.

2.4. Tugann an Chomhairle dá haire freisin an measúnú a rinne an Chúirt maidir le neamhchosaint mhéadaithe bhuiséad an Aontais, d'eascair an méadú sin as na hiasachtaí a rinneadh le haghaidh riachtanais bhreise mar fhreagairt ar ghéarchéimeanna iomadúla. Dá bhrí sin, tathantaíonn an Chomhairle ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an riosca sin, eisiúint bannaí agus billí a theorannú do na méideanna atá sainordaithe go dlíthiúil agus na coinníollacha airgeadais is buntáistí a fháil don Aontas sa mheántéarma agus san fhadtéarma, chomh maith leis na Ballstáit a choinneáil go hiomlán ar an eolas faoina mheastacháin. Chomh maith leis sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme chláir an Aontais agus é a chur san áireamh agus sceideal aisíocaíochta thacaíocht neamh-inaisíoctha NGEU á phleanáil aige.

## CAIBIDIL 3
## TORTHAÍ A FHÁIL Ó BHUISÉAD AN AONTAIS

3.1. Tugann an Chomhairle dá haire na príomhtheachtaireachtaí ón gCúirt maidir le feidhmíocht, na torthaí a fuarthas ó thuarascálacha speisialta 2024 maidir le feidhmíocht, lena n-áirítear faisnéis ghaolmhar ón gCoimisiún, Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ó anailís a dhéanamh ar an gcaoi ar thuairiscigh an Coimisiún ar fheidhmíocht i dTuarascálacha Bliantúla 2023 ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht le haghaidh cheannteideal 1 (*An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha*) de bhuiséad an Aontais, agus ó chur chun feidhme na moltaí a rinneadh i dtuarascáil 2021 ar fheidhmíocht bhuiséad an Aontais.

3.2. Tugann an Chomhairle dá haire cur chuige na Cúirte scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar thug an Coimisiún tuairisc ar fheidhmíocht i gceannteidil éagsúla CAI ar bhonn uainíochta sa bhliain.

3.3. Maidir le ceannteideal 1 a ndearnadh anailís air in 2024, tugann an Chomhairle dá haire creat cobhsaí foriomlán an Choimisiúin, chomh maith leis na bearnaí nach mór aghaidh a thabhairt orthu a bhaineann le táscairí, maidir le hiontaofacht, éascaíocht léirmhínithe, inrianaitheacht sonraí, agus ábharthacht d'úsáideoirí an chláir, agus iarrann sí ar an gCoimisiún an scéal sin a leigheas.

3.4. Is díol sásaimh don Chomhairle na gníomhaíochtaí a rinne an Coimisiún mar fhreagairt ar na moltaí ón gCúirt i dtuarascálacha speisialta 2024, chomh maith leis an obair leantach a rinneadh ar na moltaí a rinneadh roimhe seo don tuarascáil ar fheidhmíocht, an stádas ag deireadh 2021.

# CAIBIDIL 4

# IONCAM

4.1. Is díol sásaimh don Chomhairle nach raibh tionchar ag earráid ábharach ar an gcuid den bhuiséad a bhain leis an ioncam in 2024 agus go ndearnadh measúnú ar na córais a bhain le hioncam a scrúdaíodh mar chórais a bhí éifeachtach tríd is tríd.

4.2. Tugann an Chomhairle dá haire, áfach, gur measadh go raibh roinnt gnéithe de na córais rialaithe inmheánaigh chun forchoimeádais CBL agus pointí oscailte acmhainní dílse traidisiúnta (ADT) a bhainistiú, éifeachtach i bpáirt.

4.3. Ina theannta sin, lean an Chúirt de laigí a aimsiú i mbainistiú agus cuntasaíocht ADT i mBallstáit áirithe agus chinn sí, i gcásanna áirithe, nach raibh tuairisciú sonraí maidir leis an acmhainn dhílis atá bunaithe ar phlaistigh i gcomhréir go hiomlán le rialacha an Aontais.

4.4. D'ainneoin gur dhún an Coimisiún timthriall fíoraithe OIN 2020-2024 mar a bhí beartaithe, agus go raibh laghdú mór tagtha ar na forchoimeádais OIN a cuireadh, tugann an Chomhairle dá haire, bliain eile as a chéile, barúil na Cúirte go ndéanann moilleanna ar thaobh na mBallstát difear d'obair fíoraithe an Choimisiúin ar OIN.

4.5. Déanfaidh an Chomhairle, ina ról mar chomhreachtóir, a dícheall an chaibidlíocht maidir leis an athchóiriú custaim atá beartaithe a thabhairt chun críche a luaithe is féidir. I ndáil leis an méid sin, agus chun méid na ndleachtanna custaim nár dhearbhaigh allmhaireoirí nó nár dearbhaíodh iad mar is ceart do na húdaráis chustaim náisiúnta a laghdú, rud a d'fhág go raibh easnamh sna dleachtanna allmhairiúcháin a bailíodh, agus chun an riosca a bhaineann le ADT neamhiomlán a mhaolú, tacaíonn an Chomhairle go láidir leis an moladh ón gCúirt don Choimisiún dlús a chur lena ullmhúcháin do chur chun feidhme an athchóirithe custaim atá beartaithe a mhéid a bhaineann le hoibriú tosaigh Údarás Custaim an Aontais agus le Mol Sonraí Custaim an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun faoi dheireadh 2026.

4.6. Tugann an Chomhairle dá haire an bharúil ón gCúirt nár áiríodh sa mheasúnú a rinne an Coimisiún ar chóras simplithe na n-acmhainní dílse bunaithe ar CBL an tionchar ar ranníocaíochtaí foriomlána agus aonair na mBallstát, agus tugann sí dá haire freisin gur chuir an Chúirt an measúnú sin san áireamh ina scrúdú ar an tionchar a bheadh ag simpliú an chórais CBL.

## CAIBIDIL 5
## AN MARGADH AONAIR, NUÁLAÍOCHT AGUS CÚRSAÍ DIGITEACHA

5.1. Tugann an Chomhairle dá haire an leibhéal measta earráide a thuairiscigh an Chúirt don réimse beartais 'An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha' ag 3.2 % in 2024, síos ó 3.3 % in 2023, agus is oth léi go bhfuil sé fós os cionn na tairsí ábharthachta. Tugann an Chomhairle dá haire freisin riosca measta an Choimisiúin tráth na híocaíochta don cheannteideal, ag 1.6 %.

5.2. Tugann an Chomhairle dá haire gurb iad an caiteachas ar thaighde agus an nuálaíocht na réimsí is mó dá ndéanann earráidí a bhaineann le costais phearsanra difear agus is oth léi gur ann dóibh go leanúnach. Aithnítear iarrachtaí an Choimisiúin i dtreo simpliú agus treoraíocht do thairbhithe agus do phointí teagmhála náisiúnta an chláir Fís Eorpach. Mar sin féin, tá an tionchar teoranta i gcónaí le haghaidh 2024.

5.3. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint dá iarrachtaí cur chun feidhme na gcostas pearsanra a shimpliú agus a ríomh, agus tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil do thairbhithe i ndáil leis sin. Agus an méid sin á dhéanamh aige, iarrtar ar an gCoimisiún ceachtanna a fhoghlaim ó idirbhearta a rinneadh roimhe seo, agus tógáil ar na ceachtanna sin, i bhfianaise cur i bhfeidhm níos leithne cnapshuimeanna. Ag an am céanna, iarrtar ar an gCoimisiún leanúint dá mheasúnú agus dá sheiceálacha ar mheastacháin chostais arna soláthar roimh ré ag tairbhithe le haghaidh gach catagóire costais, chun gur féidir spleáchas a fheabhsú.

5.4. Is oth leis an gComhairle na saincheisteanna ar tharraing an Chúirt aird orthu maidir le cistí an Aontais a chur chun feidhme trí bhíthin tacaíocht tríú páirtí faoi chláir thaighde, ar cineál cistiúcháin é atá ag dul i méid. Tugtar faoi deara nach gceanglaítear ar thairbhithe éifeachtacht a gcuid rialuithe a léiriú chun rialtacht chaiteachas an Aontais ag tríú páirtithe a áirithiú.

5.5. Tacaíonn an Chomhairle leis an moladh ón gCúirt agus iarrann sí ar an gCoimisiún a chuid rialuithe a athbhreithniú, chun go gcuirfear feabhas ar sheiceálacha ar chomhlíonadh na huastairsí don chineál sin cistiúcháin, agus ar chomhaontuithe a bheith ann idir tairbhithe agus tríú páirtithe, d'fhonn oibleagáidí a ráthú maidir le cuntasacht an chistithe, an rian iniúchóireachta agus na seiceálacha, mar a cheanglaítear faoin deontas ón Aontas.

## CAIBIDIL 6
## COMHTHÁTHÚ, ATHLÉIMNEACHT AGUS LUACHANNA

6.1. Is oth leis an gComhairle go bhfuil an ráta earráide fós os cionn na tairsí ábharthachta, agus tugann sí dá haire go bhfuil gá fós le feabhsuithe chun an leibhéal earráide a laghdú a thuilleadh amach anseo. Mar sin féin, is díol sásaimh don Chomhairle an laghdú ar an ráta earráide le hais na bliana roimhe sin, ó 9.3 % in 2023 go 5.7 % in 2024. Tugann an Chomhairle dá haire riosca measta an Choimisiúin tráth na híocaíochta do na cistí beartais, atá idir 2.3 % agus 3.2 %.

6.2. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil an creat rialaithe agus dearbhaithe do chláir chomhtháthaithe de chineál bliantúil agus ilbhliantúil araon. Cé go bhfuil na rialacha reatha bunaithe ar chóras atá bunaithe ar ghlacadh an Choimisiúin le cuntais bhliantúla, cumhdaíonn na cláir roinnt blianta. Mar thoradh air sin, déanann an Coimisiún, mar bhainisteoir ar bhuiséad an Aontais, straitéisí rialaithe ilbhliantúla a chur i bhfeidhm atá ceaptha earráidí a chosc agus, i gcás nach féidir sin a dhéanamh, na straitéisí sin a bhrath agus ceartúcháin a chur i bhfeidhm roimh dhúnadh na gclár. I ndáil leis sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint d’iniúchtaí spriocdhírithe sonracha a dhéanamh, chun a áirithiú gur chuir na Ballstáit an ceartú airgeadais is gá i bhfeidhm i gcás na n-earráidí a braitheadh i mbliain chuntasaíochta ar leith, rud a imríonn tionchar ar an gcaiteachas i mblianta cuntasaíochta eile. Tugann an Chomhairle dá haire an seasamh ón gCoimisiún, nach bhfuil aon spriocdháta rialála chun leanúint de bhuiséad an Aontais a chosaint agus go bhféadfaí ceartúcháin a dhéanamh sna blianta tar éis na cuntais bhliantúla a chur isteach nó tráth an clár a dhúnadh.

6.3. D’fhéadfadh sé gur chuir roinnt tosca brú ar riaracháin na mBallstát le linn thréimhse na n-idirbheart a ndearnadh iniúchadh orthu, lena n-áirítear srianta a bhaineann le COVID-19 agus acmhainní riaracháin teoranta i ngeall ar chur chun feidhme comhthreomhar na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. D’fhéadfadh sé gur mhéadaigh siad sin an riosca nach mbeidh an caiteachas rialta i gcónaí agus go hiomlán i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais. Meabhraítear don Chomhairle go rabhthas in ann freagairt thapa a thabhairt ar imthosca gan choinne trí mhaoiniú 100 % ón Aontas a thabhairt isteach le haghaidh thosaíochtaí an bheartais comhtháthaithe. Thug an Chomhairle aird ar leith ar an gcineál sin idirbheart le linn na hanailíse ar thuarascáil bhliantúil 2023, agus tugann sí dá haire nach bhfeiceann an Chúirt ná an Coimisiún, le haghaidh 2024, aon fhianaise go bhfuil claonadh níos mó chun earráide ag baint le maoiniú 100 % ón Aontas, nó go bhfuil tionchar níos airde aige sin ar an ráta earráide foriomlán.

6.4. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfeiceann an Chúirt fós easnaimh san obair a bhíonn á déanamh ag roinnt de na húdaráis iniúchóireachta. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil laghdú tagtha go 44 % in 2024 ar an gcion den chaiteachas a chumhdaítear le pacáistí dearbhaithe a ndearnadh iniúchadh orthu a bhfuil rátaí earráidí iarmharacha os cionn 2 % acu, agus aithníonn sí na hiarrachtaí atá déanta ag an gCoimisiún agus ag na húdaráis iniúchóireachta i dtaobh na bhfeabhsuithe a baineadh amach go dtí seo, go háirithe plean gníomhaíochta a ghlacadh i mí na Nollag 2024 chun feabhas a chur ar acmhainneacht braite údaráis na gclár bunaithe ar na moltaí uile a rinne an Chúirt agus iniúchtaí an Choimisiúin. Tacaíonn an Chomhairle leis an moladh ón gCúirt agus iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint de chúnamh a thabhairt d’údaráis iniúchóireachta an riosca earráide a mhaolú, agus oibriú le chéile, go háirithe i dtreo pleanáil níos fearr agus sampláil níos ionadaíche, tacú le comhlíonadh incháilitheachta trí bhíthin fianaise leordhóthanach iontaofa, agus fianaise agus rian iniúchóireachta iomchuí agus iontaofa a áirithiú.

6.5. Cé go n-admhaíonn an Chomhairle an iarracht chun cláir chomhtháthaithe a shimpliú trí úsáid mhéadaithe a bhaint as roghanna costas simplithe agus maoiniú nach bhfuil nasctha le costais, iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar údaráis na gclár leanúint d’aghaidh a thabhairt ar earráidí a tharlaíonn arís agus arís eile agus dea-chleachtais a scaipeadh d’fhonn tarlú agus tionchar an chaiteachais neamhrialta a laghdú. Go háirithe, tacaíonn an Chomhairle leis an moladh ón gCúirt go seiceálfadh agus go n-áiritheodh an Coimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, go mbainfear úsáid as an sásra ceartúcháin ar ráta comhréidh mar is ceart agus nár cheart don sásra sin cosc a chur ar an bhféidearthacht aisghabhálacha aonair a thionscnamh de réir mar is gá.

## CAIBIDIL 7
## ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA AGUS AN COMHSHAOL

7.1. Is oth leis an gComhairle go bhfuil méadú tagtha ar an leibhéal measta earráide a thuairiscigh an Chúirt maidir le híocaíochtaí sa réimse beartais 'Acmhainní nádúrtha' ó 2.2 % in 2023 go 2.6 % in 2024, agus dá bhrí sin go bhfuil an leibhéal earráide fós os cionn na tairsí ábharthachta. Tugann an Chomhairle dá haire nach gcuireann an Coimisiún meastachán ar fáil a thuilleadh ar an riosca tráth na híocaíochta don cheannteideal, ag díriú ina ionad sin ar fheidhmiú cuí chórais rialachais na mBallstát, agus go bhfuil riosca íseal fós ag baint leis an gcuid is mó den chaiteachas, mar a tharla i gcás na mblianta roimhe sin.

7.2. Is díol sásaimh don Chomhairle go raibh na híocaíochtaí díreacha, dar méid 59.2 % faoin gceannteideal CAI, fós saor ó earráid ábhartha, cé is moite d'éiciscéimeanna. Tugann an Chomhairle dá haire gurb iad castacht agus próifíl ardriosca an chineáil nua idirghabhála sin, a tugadh isteach faoi Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) 2023-2027, is cúis, go bunúsach, leis an leibhéal earráide d'éiciscéimeanna.

7.3. Dá bhrí sin, tacaíonn an Chomhairle leis an moladh ón gCúirt agus iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit nuair a bhíonn a n-éiciscéimeanna á gceapadh acu, agus béim á leagan ar na héiciscéimeanna sin a shimpliú, trí leas a bhaint as an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme na gcéad scéimeanna.

7.4. Tugann an Chomhairle dá haire barúlacha na Cúirte maidir le forbairt tuaithe agus is díol sásaimh di gur teoranta líon na n-earráidí inchainníochtaithe a sainaithníodh, arb é neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta is cúis leo den chuid is mó, atá níos casta ná i gcás íocaíochtaí díreacha.

7.5. Is díol sásaimh don Chomhairle é gur tháinig, leis na bearta ceartaitheacha arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit, laghdú 0.4 pointe céatadáin ar an leibhéal measta earráide, á thabhairt dá haire di ag an am céanna go bhféadfadh leibhéal na hearráide don chaibidil seo a bheith 2.2 pointe céatadáin níos ísle dá mba rud é gur bhain údaráis na mBallstát úsáid chuí as an bhfaisnéis uile a bhí ar fáil. Dá bhrí sin, molann an Chomhairle don Choimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit d'fhonn gach gníomhaíocht is gá a dhéanamh chun earráidí a chosc, a bhrath agus a cheartú.

## CAIBIDIL 8

## IMIRCE AGUS BAINISTIÚ TEORAINNEACHA, SLÁNDÁIL AGUS COSAINT

8.1. Tugann an Chomhairle dá haire, a mhéid a bhaineann le ceannteidil 4 (*Imirce agus Bainistiú Teorainneacha*) agus 5 (*Slándáil agus Cosaint*), nach raibh an t-iniúchadh a rinne an Chúirt ionadaíoch arís don chaiteachas faoin dá cheannteideal sin in ainneoin na moltaí a rinne an Chomhairle roimhe seo. Dá bhrí sin, ní dhearna an Chúirt meastachán ar rátaí earráide do na ceannteidil sin. I bhfianaise an fhócais pholaitiúil mhéadaithe ar na réimsí beartais sin agus ar a mbuiséad méadaitheach, tathantaíonn an Chomhairle ar an gCúirt an athuair sampla ionadaíoch a chur lena raon iniúchóireachta, agus ráta earráide a sholáthar do na ceannteidil sin sna blianta atá le teacht.

8.2. Is oth leis an gComhairle na deacrachtaí leanúnacha atá ag an gCúirt rochtain a fháil ar dhoiciméid ó roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta, deacrachtaí a chuir bac ar chumas na Cúirte a hiniúchadh a dhéanamh. Meabhraítear don Chomhairle, de réir CFAE, go bhfuil an Chúirt i dteideal rochtain iomlán, neamhtheoranta agus thráthúil a fháil ar na doiciméid is gá chun go mbeidh sí in ann a cúram a chomhlíonadh, agus iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint d’aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, trí athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe conarthacha le heagraíochtaí idirnáisiúnta i gcás inar gá, d’fhonn na hoibleagáidí a bhaineann le cistiú an Aontais a shoiléiriú agus iad a chur chun feidhme, agus lánurraim á tabhairt do na forálacha a leagtar amach sna Conarthaí agus sa Rialachán Airgeadais.

8.3. Aithníonn an Chomhairle an tacaíocht a chuir an Coimisiún ar fáil go dtí seo agus comhaontaíonn sí leis an moladh ón gCúirt treoir bhreise a thabhairt d’údaráis na mBallstát atá freagrach as cistiú AS um Imirce agus Gnóthaí Baile a chur chun feidhme trí bhainistíocht chomhroinnte, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh i nglaonna ar thograí agus i nósanna imeachta um dhámhachtain deontas.

## CAIBIDIL 9
## AN CHOMHARSANACHT AGUS AN DOMHAN

9.1. Is díol sásaimh don Chomhairle go raibh an scrúdú a rinne an Chúirt ionadaíoch ar an gcaiteachas faoin réimse beartais 'An Chomharsanacht agus an Domhan' don bhliain 2024, agus gur chuir an Chúirt leibhéal measta earráide ar fáil maidir leis an gcaibidil.

9.2. Is oth leis an gComhairle, áfach, an ráta ard earráide de 4.9 % a sainaithníodh maidir leis an gceannteideal, ráta atá os cionn na tairsí ábharthachta, agus arb é is cúis leis den chuid is mó caiteachas a bhfuil ardriosca ag baint leis.

9.3. Tugann an Chomhairle dá haire, mar a bhí sna blianta roimhe seo, gur bhain na príomhchineálacha earráidí a sainaithníodh le 'cascáidiú' costas, trínar tuairiscíodh gur costais indíreacha a bhí i gcostais foirne dhíreacha neamh-incháilithe, in easnaimh i nósanna imeachta soláthair phoiblí agus i saincheisteanna maidir le costais thabhaithe a úsáid i gcás réamhíocaíochtaí a imréiteach.

9.4. Maidir leis na hearráidí a aimsíodh in idirbhearta le heagraíochtaí a ndearnadh measúnú colúin orthu, arb ionann iad agus an cion is mó, ar earráidí iad a bhaineann le conarthaí faoi bhainistíocht indíreach, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún seiceálacha agus rialuithe ar chur chun feidhme chistiú an Aontais a fheabhsú agus níos mó dearbhaithe a fháil maidir le caiteachas a bhfuil údar leis trí fhéindearbhuithe a fháil ó thairbhithe.

9.5. Tacaíonn an Chomhairle freisin leis na moltaí ón gCúirt don Choimisiún feabhas a chur ar threoirlínte a thugtar do thairbhithe, trí fhaisnéis níos soiléire agus níos comhsheasmhaí a chur ar fáil chun rioscaí earráidí a laghdú agus chun rialacha maidir le comhshó airgeadra i gcomhaontuithe deontais a shimpliú agus a chaighdeánú.

9.6. Cé go n-aithníonn an Chomhairle an dul chun cinn atá déanta ag an gCoimisiún tar éis an moladh a fháil ón gCúirt ina tuarascáil bhliantúil in 2020, is oth léi na deacrachtaí leanúnacha atá ag an gCúirt maidir le rochtain a fháil ar dhoiciméid ó roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta, rud a chuir bac ar chumas na Cúirte a hiniúchadh a dhéanamh. Meabhraítear don Chomhairle, de réir CFAE, go bhfuil an Chúirt i dteideal rochtain iomlán, neamhtheoranta agus thráthúil a fháil ar na doiciméid is gá chun go mbeidh sí in ann a cúram a chomhlíonadh, agus iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint d'aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, trí athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe conarthacha le heagraíochtaí idirnáisiúnta i gcás inar gá, d'fhonn na hoibleagáidí a bhaineann le cistiú an Aontais a shoiléiriú agus na hoibleagáidí a chur chun feidhme, agus lánurraim á tabhairt do na forálacha a leagtar amach sna Conarthaí agus sa Rialachán Airgeadais.

## CAIBIDIL 10
## AN RIARACHÁN POIBLÍ EORPACH

10.1. Is díol sásaimh don Chomhairle go raibh caiteachas institiúidí an Aontais maidir le riarachán fós saor ó earráid ábharach, mar a bhí sna blianta roimhe seo.

10.2. Is oth leis an gComhairle, áfach, na hearráidí leanúnach a shainaithin an Chúirt maidir le bainistiú na leithreasuithe i ngrúpaí polaitiúla Pharlaimint na hEorpa agus neamhchomhlíonadh leanúnach a nósanna imeachta soláthair leis an Rialachán Airgeadais.

10.3. Tugann an Chomhairle dá haire na hearráidí neamh-inchainníochtaithe a shainaithin an Chúirt in íocaíochtaí agus soláthairtí an Choimisiúin, lena n-áirítear díol agus ceart úsáide 23 fhoirgneamh a cuireadh amach ar chonradh i mí Aibreáin 2024 agus idirbhearta a bhaineann le tuarastail nó pinsin agus ríomh teidlíochtaí. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún feabhas a chur ar a nósanna imeachta agus ar a rialuithe sula ndéanfaidh sé seirbhísí a chur ar chonradh agus neamhspleáchas chomhaltaí na gcoistí meastóireachta a neartú.

10.4. Cé gur díol sásaimh don Chomhairle na bearta a rinneadh cheana d'fhonn feabhas a chur ar a bainistiú buiséadach, tugann sí dá haire an méid a léirigh an Chúirt maidir le laigí i nósanna imeachta soláthair agus íocaíochtaí cíosa na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí agus iarrann sí ar an institiúid teacht ar réiteach freisin.

## CAIBIDIL 11
## AN tSAORÁID TÉARNAIMH AGUS ATHLÉIMNEACHTA

11.1. Is ábhar imní don Chomhairle gur eisigh an Chúirt tuairim cháilithe maidir le caiteachas na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) a bhí, cosúil le blianta roimhe seo, bunaithe ar an measúnú ar chomhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna agus coinníollacha incháilitheachta.

11.2. Tugann an Chomhairle dá haire gur scrúdaigh an Chúirt 395 gharsprioc agus sprioc as 744 san iomlán agus gur tháinig sí ar chonclúid maidir leis na torthaí a raibh tionchar airgeadais acu ar 12 gharsprioc agus sprioc faoi 6 íocaíocht. Tugann an Chomhairle dá haire freisin an dearbhú a thug an Coimisiún, bunaithe ar an measúnú a rinne sé ar na garspriocanna agus na spriocanna ar fad, inar measadh nár comhlíonadh 6 gharsprioc agus sprioc faoi 5 iarraidh ar íocaíocht deontais go sásúil.

11.3. Is ábhar imní i gcónaí don Chomhairle na difríochtaí idir an Coimisiún agus an Chúirt maidir le léirmhíniú na reachtaíochta i dtaca leis na torthaí cainníochtúla ar fad a tuairiscíodh agus tugann sí dá haire an t-easaontas idir an dá institiúid. Meabhraítear don Chomhairle gur ionstraim feidhmíochtbhunaithe í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA), atá bunaithe ar gharspriocanna agus spriocanna a chomhlíonadh go sásúil seachas ar chaiteachas incháilithe a aisíoc. Bhí na hearráidí a aimsíodh, a bhain go príomha le léirmhíniú an téarma ‘comhlíonadh sásúil’, cistiú dúbailte, go háirithe i gcás ‘bearta atá saor ó chostas’, nósanna imeachta aisiompaithe agus tús an dáta incháilitheachta, a bhí mar thoradh ar chritéir éagsúla le haghaidh measúnaithe, mar gheall ar an léirmhíniú éagsúil a bheith ar roinnt forálacha doiléire sa reachtaíocht ag an gCúirt agus ag an gCoimisiún. D’fhéadfadh conclúidí éagsúla a bheith mar thoradh air sin agus de dheasca d’fhéadfaí difear a dhéanamh do chomhleanúnachas agus d’intuarthacht rialachas STA.

11.4. Lean na Ballstáit treoirlínte an Choimisiúin maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme. Tugann an Chomhairle rabhadh maidir le hathruithe ar léirmhíniú na reachtaíochta agus í á cur chun feidhme, nár cheart rialacha nua, ceanglais atá ag teacht salach ar a chéile ná forchur coinníollacha níos sriantaí *ex post* ar na Ballstáit eascairt as. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an comhar institiúideach chun comhthuiscint a bheith ann ar an gcreat dlíthiúil chun cur chun feidhme an chuid eile de STA a éascú, agus ar an gcaoi sin tacú lena cuspóirí sin a bhaint amach.

11.5. Chomh maith leis sin, agus ós rud é go bhfuil STA ag druidim lena deireadh, iarrann an Chomhairle ar an gCúirt agus ar an gCoimisiún leas a bhaint as na ceachtanna a foghlaimíodh, rud a chuirfidh ar chumas an Choimisiúin treoirlínte agus rialacha cur chun feidhme a bhunú atá comhleanúnach le rialacháin de chuid Aontais agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, bunaithe ar léirmhíniú comhaontaithe ar fhorálacha dlíthiúla, atá comhsheasmhach ar fud an chláir, agus a chuirtear in iúl sula gcuirfear chun feidhme iad, d'fhonn éiginnteacht maidir le cur chun feidhme agus ualach riaracháin a sheachaint. Agus an méid sin á dhéanamh aici, molann an Chomhairle don Choimisiún go gcothódh sé freisin feabhsuithe eile a d'fhéadfaí a dhéanamh, cuir i gcás na rialacháin a shimpliú agus a shoiléiriú, i gcomhar leis na Ballstáit, agus solúbthacht á coinneáil ar bun agus an t-ualach riaracháin á íoslaghdú aige.

11.6. Ar deireadh, athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cheart iniúchtaí, rialuithe agus modheolaíochtaí cur chuige a bheith comhréireach i gcónaí le dearadh feidhmíochtbhunaithe STA agus a áirithiú nach mbainfear an bonn den bhéim ar thorthaí. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar an dá institiúid comhréireacht a chur san áireamh agus iniúchtaí agus rialuithe á ndéanamh acu.

## CAIBIDIL 12

## OBAIR LEANTACH AR NA MOLTAÍ A RINNEADH I dTUARASCÁLACHA SPEISIALTA Ó 2021 AR AGHAIDH

12.1. Tugann an Chomhairle dá haire an chaibidil nua den tuarascáil, ina dtugtar forléargas cuíchóirithe ar an gcuntas leanúnach atá á chóiméad ar chur chun feidhme na moltaí ón gCúirt le 3 bliana anuas.

12.2. Tugtar faoi deara treocht dhearfach i gcás na moltaí sna tuarascálacha speisialta ar glacadh leo go hiomlán nó go páirteach, treocht dhearfach ó 93 % in 2023 go 98 % in 2024, agus i gcás chion na moltaí a cuireadh chun feidhme go hiomlán nó den chuid is mó, ó 68 % in 2023 go 76 % in 2024. Ag an am céanna, tá an cur chun feidhme tráthúil ag titim ar gcúl, agus tá an deis ann é seo a fheabhsú.

12.3. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint de na moltaí a chur chun feidhme agus an ráta críochnaithe de 77 % a fheabhsú, agus a dhícheall a dhéanamh na spriocdhátaí comhaontaithe a chomhlíonadh.